
# CIGIREACHT BUNSCOILE



An Chigireacht Oideachais is Oiliúna

## Gaelscoil na Móna, Bhéal Feirste

Samhain 2009

The Education and Training Inspectorate - Promoting Improvement

Providing Inspection Services for
Department of Education
Department for Employment and Learning
Department of Culture, Arts and Leisure

INVESTOR IN PEOPLE

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

# CLÁR

| **Cuid** | | **Leathanach** |
|---|---|---|
| | EOLAS STAITISTIÚIL | |
| 1. | INTREOIR | 1 |
| 2. | GNÓTHACHTÁIL AGUS CAIGHDEÁIN | 2 |
| 3. | CAIGHDEÁN AN tSOLÁTHAIR I gCOMHAIR FOGHLAMA | 3 |
| 4. | CEANNASAÍOCHT AGUS BAINISTEOIREACHT | 5 |
| 5. | CONCLÚID | 6 |

Sa tuairisc seo, féadfar comhréireanna a chur in iúl trí chéatadáin, trí chodáin agus trí théarmaí cainníochtúla níos ginearálta. I gcásanna ina n-úsáidtear téarmaí ginearálta, ba chóir go dtuigfí iad mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Chóir a bheith/ beagnach gach duine | - | níos mó ná 90% |
| An mhórchuid | - | 75%-90% |
| Tromlach | - | 50%-74% |
| Mionlach suntasach | - | 30%-49% |
| Mionlach | - | 10%-29% |
| Beagán/roinnt bheag | - | níos lú ná 10% |

Agus iad ag déanamh measúnú ar ghnéithe éagsúla den soláthar, cuireann Cigirí a gcuid measúnuithe in iúl tríd na sé thuairiscín atá leagtha amach thíos:

| TUAIRISCÍN |
|---|
| Sármhaith |
| An-Mhaith |
| Maith |
| Sásúil |
| Easnamhach |
| Míshásúil |

**BILEOG BHUNEOLAIS (BB) - BUNSCOILEANNA**

A. i. **Scoil: Gaelscoil na Móna**

ii. **Uimhir Thagartha na Scoile: 104-6671**

iii. **Dáta na Cigireachta: 30/11/09 seachtain dar thús:**

iv. **Cineál Cigireachta: Cigireacht fhócasaithe**

B.

| **Scoilbhliain** | **2005/06** | **2006/07** | **2007/08** | **2008/09** | **2009/10** |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon iontrála Bhliain 1 | 10 | 19 | 14 | 19 | 24 |
| **Rollachán**<br>Bunscoil | 45 | 66 | 72 | 86 | 96 |
| Réamhrang | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Naíonra | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Aonad Speisialta | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Aonad Gaelscolaíochta | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

Is é an líon ar lá fógartha na cigireachta an líon rollacháin don bhliain reatha.
Do na blianta roimhe sin, is é an líon atá sna tuairisceáin bhliantúla a chuirtear isteach chuig an Roinn Oideachais.
Is ar rollachán iomlán na bunscoile agus an réamhranga amháin ba chóir na háirimh ag C agus ag D a bhunú.

C. Meántinreamh don scoilbhliain roimhe seo (ina chéatadán): 90.47%

| | **Bunscoil & Réamhrang** | **Naíonra** | **Aonad Speisialta** | **Aonad Gaelscolaíochta** |
|---|---|---|---|---|
| D. i. Líon Múinteoirí (príomhoide & múinteoirí páirtaimseartha san áireamh): (coibhéis lánaimseartha = 25 uair teagaisc): | 5 | 0 | 0 | 0 |

ii. CDM (Cóimheas Daltaí le Múinteoir): 19.2 CDM TÉ: 20.0

iii. Meánmhéid Ranga: 24

iv. Méid Ranganna (Raon): ó 23 go dtí 26

v. Tacaíocht Chúntach (líon Uaireanta **sa tSeachtain**):

i. Tacaíocht Chléireachais: 1

ii. Tacaíocht ó chúntóirí ranga ag an bhonnchéim.: 32

iii. Maoiniú ó 'Ag Déanamh Tús Maith' d'uaireanta breise agus do thacaíocht eile ó chúntóirí ranga: 85

vi. Céatadán páistí a bhfuil ráiteas sainriachtanas oideachais acu: 3%

vii. Céatadán iomlán páistí ar an Chlár Sainriachtanas: 38.5%

viii. Líon páistí **nach bhfuil** ar aois scoile reachtúil: 0

ix. Céatadán páistí atá i dteideal béilí scoile saor in aisce: 51%

x. Céatadán na bpáistí ag deireadh Eochairchéim 2 don scoilbhliain 2008/09 a fuair leibhéal 4 nó níos airde sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic: **Béarla** 45.45% **Matamaitic** 54.54%

## 1. INTREOIR

### 1.1 COMHTHÉACS NA SCOILE

Tá Gaelscoil na Móna lonnaithe i gcóiríocht shealadach i ngar do Lúb na Móna in iarthar Bhéal Feirste. Bunaíodh an scoil sa bhliain 2000 agus bhain sí stádas deontaschúnta amach sa bhliain 2004. Tá méadú leanúnach tagtha ar rollachán na scoile le cúig bliana anuas. Tá 96 páiste rollaithe sa scoil faoi láthair, 24 acu sin i rang 1; tá líon na bpáistí sna ranganna in eochairchéim (EC) 2 íseal. Is as garcheantar na scoile do na páistí, den chuid is mó, agus tá beagáinín níos mó ná an leathchuid acu i dteideal béilí scoile saor in aisce. Tá sainaitheanta ag an scoil go bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth ar bheagnach 39% de na páistí le gnéithe dá gcuid foghlama.

### 1.2 FÓCAS

Dhírigh an chigireacht ar ghnóthachtáil agus ar chaighdeáin na bpáistí sa litearthacht agus san uimhearthacht; ar chaighdeán an tsoláthair i gcomhair foghlama; ar chaighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta agus ar shocruithe na scoile don tréadchúram lena n-áirítear cosaint leanaí. De bhreis air seo, rinneadh breithmheas ar ról theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) maidir le cur chun cinn agus cothú na foghlama.

### 1.3 DEARCADH NA dTUISMITHEOIRÍ, NA MÚINTEOIRÍ, NA nGOBHARNÓIRÍ AGUS NA bPÁISTÍ

Mar chuid de na socruithe don chigireacht, tugadh deis do na tuismitheoirí agus don fhoireann teagaisc ceistneoir rúnda a chomhlánú roimh an chigireacht agus bhí cruinnithe ann le hionadaithe ó Bhord na nGobharnóirí (gobharnóirí) agus leis na páistí i rang 6.

Cuireadh seachtó ceistneoir amach chuig tuismitheoirí; seoladh 32 (46%) acu ar ais chuig Brainse na Seirbhísí Cigireachta agus bhí tráchtanna breise scríofa laistigh de 18 acu. Léiríonn na freagairtí ó na ceistneoirí agus na tráchtanna scríofa sásamh láidir le hobair na scoile. Is mór leis na tuismitheoirí, go háirithe, éiteas fáilteach na scoile, tiomantas agus obair chrua an Phríomhoide agus na múinteoirí, agus an dlúthcheangal idir an scoil agus na tuismitheoirí agus an pobal áitiúil. Rinneadh an dornán de cheisteanna a tógadh sna ceistneoirí a phlé leis an Phríomhoide agus leis na gobharnóirí.

Tuairiscíonn na páistí i rang 6 go mothaíonn siad sábháilte sásta ar scoil, agus go bhfuil a fhios acu cá háit ar féidir cuidiú a fháil sa chás go mbeadh rud éigin ag déanamh buartha dóibh.

Tá na gobharnóirí iontach tacúil d’obair na scoile agus breá eolach uirthi. Léirigh siad leibhéal ard sásaimh le hobair an Phríomhoide agus na foirne maidir le timpeallacht foghlama shábháilte shona a chothú do na páistí uile. Is mór leo go háirithe an dlúthcheangal atá cothaithe ag an scoil leis an phobal áitiúil, agus na himeachtaí a eagraítear amhail Laethanta Súgartha chun tuismitheoirí a spreagadh le teacht isteach sa scoil agus le bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid páistí.

Chomhlánaigh gach múinteoir ceistneoir rúnda agus léiríonn a gcuid freagairtí leibhéal ard sásaimh le soláthar na scoile.

### 1.4 TRÉADCHÚRAM

Tá tréadchúram na bpáistí go maith. Tá éiteas fáilteach comhbhách sa scoil agus tá dea-chaidreamh oibre idir an fhoireann agus na páistí. Cuireann gach ball foirne, idir theagaisc agus neamhtheagaisc, go héifeachtach le leas na bpáistí.

Tá na páistí cúirtéiseach dea-mhúinte. Cuirtear iompar dearfach chun cinn sa scoil agus tá réimse de luaíochtaí forbartha chun gnóthachtáil agus iarrachtaí na bpáistí a cheiliúradh. Tuigeann na páistí luach na ngrúpaí tras-scoile éagsúla sa scoil lena n-áirítear 'córas na gcairde' ina dtugann páistí níos sine sa scoil cairdeas agus tacaíocht do pháistí níos óige.

1.5 COSAINT LEANAÍ

Tá timpeallacht foghlama shlán cruthaithe ag an fhoireann do na páistí ina mothaíonn na páistí fiúntach sábháilte. Tá socruithe an-mhaithe cosanta leanaí i bhfeidhm, a léiríonn go hiomlán an treoir a d'eisigh an Roinn Oideachais.

1.6 BIA SLÁINTIÚIL AGUS GNÍOMHAÍOCHT CHOIRP

Dírítear aird an-mhaith sa scoil ar chur chun cinn an bhia shláintiúil agus na gníomhaíochta coirp. Bíonn torthaí agus roghanna sláintiúla eile ar fáil do na páistí ag club bricfeasta na scoile; itheann na páistí píosa toraidh don sos ar maidin agus ceann eile ag am lóin. Bíonn uisce óil ar fáil i ngach áit sa scoil agus déantar ceardlanna a eagrú le tacú le tuismitheoirí stíl bheatha shláintiúil a chur chun cinn dá dteaghlach. Eagraíonn an scoil réimse de ghníomhaíochtaí coirp le linn an lae scoile agus mar chuid de chlár na Scoileanna Sínte acu d'fhonn na páistí a spreagadh i mbun saoil fholláin ghníomhaigh.

1.7 NAISC LE TUISMITHEOIRÍ AGUS LEIS AN PHOBAL ÁITIÚIL

Coinnítear tuismitheoirí ar an eolas go maith maidir le dul chun cinn a gcuid páistí agus le saol na scoile. Déanann an scoil tuismitheoirí agus fostaithe ón phobal áitiúil a spreagadh le tabhairt faoi chúrsaí creidiúnaithe, mar shampla, sa Ghaeilge agus sa chúram leanaí.

Cuireann soláthar seach-churaclaim na scoile go mór le heispéireas na bpáistí trí réimse leathan de ghníomhaíochtaí spóirt, ceoil agus cultúir agus trí chlub obair bhaile do na páistí sin nach bhfuil Gaeilge ag a dtuismitheoirí.

Tá naisc thábhachtacha bunaithe ag an scoil le réimse leathan d'áisíneachtaí seachtracha, lena n-áirítear Ionad Acmhainní Oideachais Naomh Gearóid, Barnardo's, Cnuasach Scoileanna Sínte Chluanaí Uachtair, Tacaíocht Teaghlaigh Ard na Móna agus SureStart.

2. **GNÓTHACHTÁIL AGUS CAIGHDEÁIN**

2.1 FOGHLAIM

Tá meon dearfach ag na páistí i leith na scoile agus bíonn fonn orthu labhairt faoina gcuid oibre. Nuair a thugtar an deis dóibh, glacann siad am lena gcuid machnaimh agus tugann freagraí measta. Bíonn na páistí aireach agus éisteann siad go maith lena chéile agus lena gcuid múinteoirí.

Léiríonn anailís a rinneadh ar shonraíocht fheidhmíochta EC2, nuair a dhéantar comparáid le scoileanna den aicme chéanna ó thaobh béilí scoile saor in aisce de, go mbíonn na leibhéil ghnóthachtála sa Bhéarla agus sa mhatamaitic faoi bhun an mheánráta.

2.2 GAEILGE, BÉARLA AGUS LITEARTHACHT

Tá caighdeán foriomlán an tsoláthair sa Ghaeilge agus sa Bhéarla easnamhach agus tá gnóthachtáil agus caighdeáin na bpáistí sa litearthacht íseal.

Táthar i ndiaidh doiciméad polasaí úsáideach mionsonraithe a ullmhú chun an obair sa Bhéarla agus sa Ghaeilge a threorú. Déantar an Béarla a thabhairt isteach go foirmiúil chuig curaclam na bpáistí i rang 3.

Déantar scileanna teanga a fhorbairt tríd an fhónaic trasna gach eochairchéime agus cuirtear béim iomchuí ar an litriú agus ar an phoncaíocht. Bíonn tacaíocht bhreise de dhíth ar chuid mhaith de na páistí is óige maidir le sealbhú bunfhoclóra. Déantar Labhairt agus Éisteacht a chur chun cinn go héifeachtach i mbunús na ranganna trí cheisteoireacht ranga uile agus spreagann na múinteoirí freagairtí sínte ó bhéal ó na daltaí le céimeanna éagsúla rathúlachta: go rómhinic, áfach, glacann na múinteoirí le freagraí aon fhocail. Bíonn deiseanna ag na páistí is sine le haghaidh grúpléitheoireachta sa Ghaeilge agus baineann na múinteoirí úsáid mhaith as na téacsanna d'fhonn uasfhorbairt teanga a bhaint amach. Cé go mbaineann na múinteoirí úsáid mhaith as úrscéalta ranga, á léamh os ard sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, ní mór go bhfaigheadh na daltaí taithí ar chur chuige níos córasaí i leith na léitheoireachta, lena n-áirítear léitheoireacht ar mhaithe le spraoi, trí níos mó obair úrscéalta, ar bhonn aonair agus ar bhonn grúpa. Tá gá le níos mó béime ar an léitheoireacht i ngach eochairchéim.

Sa Bhéarla agus sa Ghaeilge, déantar forbairt go rómhall ar chumas na bpáistí scríobh go neamhspleách. Ní bhíonn go leor deiseanna ag na páistí na scéalta is fearr leo a athinsint nó anailís a dhéanamh ar charachtair agus ar shuímh in úrscéalta. San iomlán, bíonn eispéiris na bpáistí maidir leis an scríbhneoireacht phearsanta rótheoranta agus tá gá le cur chuige níos ilghnéithí chun freastal go héifeachtach ar an réimse leathan inniúlachtaí.

### 2.3 MATAMAITIC AGUS UIMHEARTHACHT

Tá caighdeán foriomlán an tsoláthair sa mhatamaitic easnamhach. Léiríonn fianaise ó shonraíocht na scoile féin, mar aon le torthaí na cigireachta, go mbíonn deacrachtaí ag líon suntasach páistí sa mhatamaitic. D'fhonn na caighdeáin a bhaineann na páistí amach san uimhearthacht a ardú, ní mór don fhoireann breithmheas a dhéanamh ar an tsonraíocht ar fad atá ar fáil lena chur ar a gcumas treochtaí sa scoil uile a shainaithint agus lena chinntiú go dtugtar dúshlán iomchuí do na páistí uile.

Baineann na múinteoirí úsáid as treoir don scoil uile chun eispéiris na bpáistí sa mhatamaitic a phleanáil, rud a sholáthraíonn clúdach leathan cothrom ar uimhreas, ar chruth agus spás, ar thomhais agus ar láimhseáil sonraí. Tugtar deiseanna do na páistí chun cuidiú leo a gcuid eolais agus a gcuid tuisceana matamaiticiúla a fhorbairt trí réimse d'eispéiris agus trealamh praiticiúil in úsáid, lena n-áirítear gléasanna in-ríomhchláraithe amhail an Bee-Bot.

Le linn na cigireachta, cé gur léirigh na páistí a gcuid eolais ar roinnt smaointe agus coincheap tábhachtach, bhí bunús na bpáistí in EC2 éiginnte maidir leis na straitéisí is éifeachtaí sa mhatamaitic mheabhrach agus bhí easpa solúbthachta ina gcuid smaointeoireachta. Ní mór do na comhordaitheoirí pleananna gníomhaíochta iomchuí a fhorbairt don scoil uile d'fhonn forbairt na matamaitice trasna na scoile a threorú.

## 3. CAIGHDEÁN AN tSOLÁTHAIR I gCOMHAIR FOGHLAMA

### 3.1 PLEANÁIL

Déanann na múinteoirí pleanáil dhícheallach maidir le foghlaim na bpáistí trasna an churaclaim agus táirgeann siad pleananna 6 seachtaine, pleananna seachtainiúla agus pleananna laethúla. Buaileann siad lena chéile gach seachtain chun an phleanáil a phlé agus a mheas agus chun comhsheasmhacht agus dul chun cinn a chur chun tosaigh. Níl, áfach, seasamh bonnlíne soiléir bunaithe ag an scoil go fóill chun pleanáil na múinteoirí a

threorú. Níl an phleanáil leordhóthanach ó thaobh mionsonraí de lena chinntiú go ndéanfar freastal ar riachtanais na ndaltaí agus ní mór breisfhorbairt a dhéanamh uirthi chun mionsonraí a sholáthar maidir leis an fhoclóir Gaeilge a chuirfear chun cinn trasna an churaclaim.

## 3.2 TEAGASC

Bhí an teagasc a breathnaíodh le linn na cigireachta i gcónaí sásúil nó níos fearr; i mbeagán níos mó ná leath na gceachtanna a breathnaíodh, bhí sé go maith nó go han-mhaith. Ar na príomhthréithe atá le sonrú sna ceachtanna is éifeachtaí, tá dea-chaidreamh, múinteoirí ag baint úsáid éifeachtach as áiseanna (lena n-áirítear an clár bán idirghníomhach) agus scileanna maithe ceisteoireachta. Bíonn na ceachtanna beoga sultmhar; bíonn na páistí gafa go maith lena gcuid foghlama; agus baineann na múinteoirí feidhm as réimse cur chuige lena n-áirítear obair uile-ranga, obair ghrúpa agus obair bheirte. I mionlach de na ceachtanna, is obair uile-ranga a bhíonn i réim, ní leor an fócas a chuirtear ar shainspriocanna foghlama, bíonn na caighdeáin a mbítear ag dúil leo ró-íseal, bíonn dúshlán easnamhach ann agus ní dhéantar freastal éifeachtach ar riachtanais na bpáistí uile.

## 3.3 FOGHLAIM ATÁ BUNAITHE AR AN SÚGRADH

Bíonn seisiúin rialta d'fhoghlaim atá bunaithe ar an súgradh ag na páistí sna ranganna is óige, agus bíonn na gníomhaíochtaí bunaithe ar thopaicí a bhaineann lena gcuid foghlama in achair eile den churaclam. Faigheann na páistí i rang 3 agus i rang 4 taithí chomh maith ar sheisiúin rialta den fhoghlaim atá bunaithe ar ghníomhaíocht, rud a chuireann ar a gcumas fiosrúchán agus athneartú a dhéanamh ar ghnéithe dá gcuid foghlama trí réimse de ghníomhaíochtaí praiticiúla. Bhí an caighdeán i mbeagnach leath na gceachtanna bunaithe ar ghníomhaíocht, a breathnaíodh le linn na cigireachta go maith; bhí siad dea-eagraithe agus bhí na páistí socair go maith, díograiseach agus inspreagtha. In amanna eile, ní raibh ionchur an tsúgartha maidir le foghlaim na bpáistí chomh héifeachtach céanna agus ní raibh na gníomhaíochtaí i gcónaí in oiriúint go leor le céimeanna éagsúla forbartha na bpáistí.

Tá sainaitheanta, mar is cuí, ag an scoil gur gá athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar an phleanáil don súgradh lena chinntiú go mbíonn dúshlán leanúnach ag baint le heispéiris na bpáistí agus go mbíonn go leor deiseanna acu dul chun cinn a dhéanamh sna gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil le linn EC1.

## 3.4 MEASÚNÚ

Déanann na múinteoirí obair na bpáistí a mharcáil ar bhonn rialta agus is minic a mholann siad iarrachtaí na bpáistí agus a scríobhann siad tráchtanna dearfacha, pearsanta; ní chuireann siad, áfach, go leor béime ar mharcáil le haghaidh feabhsaithe. Tá easpa doichte ag baint le cur chuige na scoile i leith an mheasúnaithe, go háirithe sa Bhonnchéim agus in EC1. Ní mór do na múinteoirí bonnlíne shoiléir a bhunú do na páistí uile chomh luath agus is féidir, agus an dul chun cinn acu a rianú trí na blianta ar scoil dóibh.

## 3.5 SAINRIACHTANAIS OIDEACHAIS

Tá caighdeán an tsoláthair a dhéanann an scoil do shainriachtanais oideachais easnamhach.

Tá ról an chomhordaitheora sainriachtanas oideachais (SENCO) á roinnt faoi láthair ag beirt mhúinteoirí. Tá sainaitheanta ag an scoil go bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth ar 35 páiste (39%) lena gcuid foghlama. Ní mór do na múinteoirí bheith ag obair níos éifeachtaí d'fhonn bacainní roimh an fhoghlaim a shainaithint chomh luath agus is féidir agus chun idirghabháil iomchuí a sholáthar. Is laistigh den ghnáth-theagasc ranga a thugtar an príomhsholáthar do na páistí seo; soláthraíonn cúntóirí ranga tacaíocht bhreise do roinnt de na páistí. Faigheann líon beag páistí a bhfuil cuidiú speisialaithe de dhíth orthu cúnamh breise tríd, mar shampla, an chlár for-rochtana agus tacaíochta peiripitéití a sholáthraíonn Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste agus Ionad Acmhainní Naomh Gearóid. Cothaítear naisc iomchuí le tuismitheoirí agus le háisíneachtaí seachtracha tacaíochta.

Ní hionann i gcónaí an méid a ghlacann múinteoirí riachtanais éagsúla na bpáistí san áireamh laistigh de ranganna, agus sna cásanna is fearr, is sásúil an méid seo. Scríobhann na múinteoirí ranga pleananna indibhidiúla oideachais (IEPanna) do na páistí ina gcuid ranganna; aithnítear sna pleananna seo, den chuid is mó, spriocanna leathana agus straitéisí tacaíochta d'fhonn feabhsú a chur chun cinn. San iomlán, níl na spriocanna sna IEPanna dírithe go leor chun breithmheas éifeachtach a éascú. Dá bharr seo, níl go leor doichte ann maidir le monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéanann páistí aonair.

Ní mór do na múinteoirí athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na pleanála reatha do shainriachtanais oideachais agus ar an mhéid a eascraíonn feabhsú sna caighdeáin a bhaineann na páistí amach as na socruithe. Is gá, chomh maith, tacú níos éifeachtaí leis na páistí a mbíonn deacrachtaí acu lena gcuid foghlama sa mhatamaitic agus an dul chun cinn a dhéanann na páistí seo a chinntiú, monatóireacht a dhéanamh air agus é a thaifeadadh.

## 4. CEANNASAÍOCHT AGUS BAINISTEOIREACHT

### 4.1 CEANNASAÍOCHT

Tá an príomhoide sa phost ó bunaíodh an scoil. Tá sí tiomanta d'obair agus do shaol na scoile agus do leas na bpáistí agus na foirne. Oibríonn sí go dícheallach chun cur chuige comhoibritheach a chothú i leith na cinnteoireachta; tá baint láidir aici le hobair atá ar bun chun inmharthanacht todhchaí na scoile a chinntiú agus le pleanáil obair forbartha struchtúrtha todhchaí. Tá caighdeán na ceannasaíochta trasna na scoile, áfach, easnamhach. Ní mór don Phríomhoide agus do na comhordaitheoirí baint níos straitéisí bheith acu le forbairt an churaclaim agus le monatóireacht agus breithmheas a dhéanamh ar sholáthar na scoile d'fhonn feabhsú a chur chun cinn agus chun na caighdeáin a bhaineann na páistí uile amach a ardú.

### 4.2 PLEANÁIL LE hAGHAIDH FEABHSÚCHÁIN

Tá tiomantas á fhorbairt sa scoil don phleanáil ghníomhaíochta. D'fhonn riachtanais Rialacháin na bPleananna Forbartha Scoile (Tuaisceart Éireann) 2005 a chomhlíonadh go hiomlán, ní mór don scoil iniúchadh a dhéanamh ar chaighdeán a soláthair i ngach eochair-réimse agus aontú ar phleananna gníomhaíochta atá leagtha amach go cúramach de réir tosaíochta agus ar phróisis éifeachtacha d'fhonn monatóireacht agus breithmheas a dhéanamh ar dhul chun cinn.

### 4.3 FORBAIRT AGUS DÁILEADH FOIRNE

Tá na múinteoirí dearfach maidir lena gcur chuige i leith phróiseas an Athbhreithnithe ar Fheidhmíocht agus na Forbartha Foirne. Ní mór do na gobharnóirí agus don Phríomhoide tógáil air seo trí athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais forbartha i bhfianaise na cigireachta agus trí thacaíocht atá spriocdírithe go maith a sholáthar do na múinteoirí agus iad ag obair le freastal níos éifeachtaí ar riachtanais na bpáistí uile.

I láthair na huaire, tá eagar na ngrúpaí teagaisc róchasta agus fágtar dá réir nach mbíonn go leor am teagmhála ag múinteoirí leis an rang, rud nach dtéann chun sochair na bpáistí. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn práinne ar na socruithe seo.

4.4 ACMHAINNÍ, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS AGUS RIALACHAS

Tá na gobharnóirí tiomanta do shaol na scoile agus, in éineacht leis an chuid eile de phobal na scoile, d'oibrigh siad go crua leis an scoil a bhunú agus chun inmharthanacht na scoile a chinntiú. Ní mór do na gobharnóirí leanúint lena dtacaíocht don scoil sna blianta atá amach romhainn le go ndíreoidh an Príomhoide agus na múinteoirí a gcuid airde go soiléir ar fheabhsú sholáthar an churaclaim do na páistí agus ar ardú na gcaighdeán a bhaineann siad amach.

## 5. **CONCLÚID**

5.1 Áirítear i measc bhuanna na scoile:

- an t-éiteas fáilteach comhbhách agus caighdeán na socruithe don tréadchúram;
- na páistí cúirtéiseacha dea-mhúinte;
- réimse leathan na ngníomhaíochtaí seach-churaclaim;
- na naisc le háisíneachtaí seachtracha agus leis an mhórphobal; agus
- tacaíocht na dtuismitheoirí agus na ngobharnóirí d'obair na scoile.

5.2 Ar na réimsí ina bhfuil feabhsúchán de dhíth, áirítear gur gá don scoil:

- athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar sholáthar na scoile do shainriachtanais oideachais;
- athbhreithniú a dhéanamh ar dháileadh reatha na foirne agus ar eagar na ranganna; agus
- ceannasaíocht éifeachtach straitéiseach a chur i bhfeidhm, lena n-áireofar plean forbartha scoile dea-cheaptha a mbeadh próisis fhoirmiúla dhiongbháilte mar bhuntaca aige, chun monatóireacht agus breithmheas a dhéanamh ar na caighdeáin, atá íseal faoi láthair, a bhaineann na páistí amach agus lena bhfeabhsú.

5.3 I mbeagnach gach réimse a ndearnadh cigireacht air, tá caighdeán an oideachais a sholáthraíonn an scoil seo easnamhach; is mó na réimsí a bhfuil feabhsú de dhíth iontu ná buanna an tsoláthair. Tá réimsí suntasacha sainaitheanta ag an chigireacht ina bhfuil gá le feabhsúcháin sna caighdeáin, san fhoghlaim agus sa teagasc, agus sa cheannasaíocht agus sa bhainisteoireacht, agus is gá tabhairt fúthu go práinneach má tá an scoil le freastal go héifeachtach ar riachtanais na bpáistí uile. Beidh tacaíocht sheachtrach shaindírithe de dhíth ar an scoil le cuidiú leo dul chun cinn sna réimsí a sainaithníodh ina bhfuil gá le feabhsúchán.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn na scoile agus iad ag tabhairt faoi na réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin, thar thréimhse 12-18 mí.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2010

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codana, seachas lehaghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofarfoinse agus dáta na tuairisce ann.

Tá cóipeanna den tuairisc seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cigireachta: www.etini.gov.uk

INVESTORS IN PEOPLE